# Damáiste déanta do pháirc sacair

Eochairfhocail: lasracha, damáiste, dochar, maoiniú, ar fionraí, cosc saoil, saorga

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt


**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad atá curtha siar ag an Aire Spóirt?
2. Cé a gortaíodh san eachtra?
3. Cad a caitheadh isteach ar an bpáirc a rinne an oiread sin dochair di?
4. Cad is ainm don pháirc sacair a ndearna na lasracha dochar di?
5. Cén aidiacht a úsáideann an tuairisceoir le cur síos a dhéanamh ar an saghas dromchla atá anois i bPáirc Oirghialla?
6. Conas a mhothaíonn an tAire Spóirt, Patrick O'Donovan TD, faoin damáiste a rinneadh don pháirc?
7. Cén píonós gur mhaith leis an Aire go ngearrfaí ar na daoine a mbíonn baint acu le heachtraí den sórt seo?
8. Cé leis a mbeidh an dá chlub ag comhoibriú anois?
9. Cé air a dtitfidh costas an damáiste?
10. An dtéann tú chuig cluichí sacair? Cén fáth?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Club Sacair Dhún Dealgan

**Ag obair le do pháirtí ranga cuirigí na focail sna habairtí seo a leanas san ord ceart**

- is sine, Club Sacair Dhún Dealgan, in Éirinn, Tá, cheann, de na, ar, clubanna.
- 1903, Bunaíodh, siar, sa bhliain, an club.
- don, de chuid, na chéad, ba ea, Fostaithe, an chomhlachta iarnróid GNR, chlub, imreoirí.
- sraitheanna, na 1970idí, an club, corn FAI, idir, tríocha bliain, sa tréimhse, Bhuaigh, a lán, agus, na 1940idí agus.
- Stephen Kenny, eile, thart ar, ré órga, bhí, faoi stiúir, gclub, dheich mbliana, bhí, ag an, ó shin.
- Aontaithe, is ainm, chlub, don, gcontae, i, eile, Lú, Droichead Átha.
- is rathúla, in Éirinn, de, Dhún Dealgan, Tá, cheann, Club Sacair, ar, clubanna, na.

## Idirghníomhaíocht Labhartha: Catheamh Aimsire

**Ag obair le do pháirtí ranga, déanaigí plé ar chúrsaí spóirt. Cabhróidh na ceisteanna seo a leanas libh an plé a stiúradh.**

- An bhfuil spéis agat i sacar? Cén fáth?
- An gceapann tú gur spórt suimiúil é sacar? Cén fáth?
- An raibh tú i láthair riamh ag cluiche sacair? Má bhí, ar thaitin sé leat?
- An imríonn tú aon spórt?
- Cad é an spórt is fearr leat? Cén fáth?
- Cé chomh minic a imríonn tú an spórt sin?
- Cén aois a bhí tú nuair a thosaigh tú ag imirt an spóirt sin?
- Cad é an rud is fearr leat faoin spórt sin?
- An bhfuil aon rud faoin spórt sin nach dtaitníonn leat?
- Cad iad na caithimh aimsire eile, nach spóirt iad, atá agat?

## Freagraí

1. an maoiniú ar fad do pháirceanna uile-aimseartha chlubanna sacair Shraith na hÉireann
2. buachaill óg, 12 d'aois
3. lasracha
4. Páirc Oirghialla
5. saorga
6. tá fearg an domhain air
7. cosc saoil
8. na Gardaí agus Cumann Sacair na hÉireann/FAI
9. Dún Dealgan

- Tá Club Sacair Dhún Dealgan ar cheann de na clubanna is sine in Éirinn.
- Bunaíodh an club siar sa bhliain 1903.
- Fostaithe de chuid an chomhlachta iarnróid GNR ba ea na chéad imreoirí don chlub.
- Bhuaigh an club a lán sraitheanna agus corn FAI sa tréimhse tríocha bliain idir na 1940idí agus na 1970idí.
- Bhí ré órga eile ag an gclub thart ar dheich mbliana ó shin faoi stiúir Stephen Kenny
- Droichead Átha Aontaithe is ainm don chlub eile i gcontae Lú.
- Tá Club Sacair Dhún Dealgan ar cheann de na clubanna is rathúla in Éirinn.